| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cuir an cupán ar an mbord. | Put the cup on the table. |
| | Chuir mé an cupán ar an mbord.<br>Níor chuir mé an cupán ar an mbord.<br>Ar chuir tú an cupán ar an mbord?<br>Nár chuir tú an cupán ar an mbord? | I put the cup on the table.<br>I didn't put the cup on the table.<br>Did you put the cup on the table?<br>Didn't you put the cup on the table? |
| | Chuir.<br>Níor chuir. | Yes (put).<br>No (didn't put). |
| **2.** | Cár chuir tú an cupán?<br>Chuir mé ar an mbord é. | Where did you put the cup?<br>I put it on the table. |
| | Cár chuir tú an ghloine?<br>Chuir mé sa chistin í. | Where did you put the glass?<br>I put it in the kitchen. |
| **3.** | Ar fhág tú an cupán ar an urlár?<br>D'fhág/Níor fhág | Did you leave the cup on the floor?<br>Yes/No. |
| | Ar ól tú an bainne?<br>D'ól/Níor ól. | Did you drink the milk?<br>Yes/No. |
| | Ar ith tú an t-úll?<br>D'ith/Níor ith. | Did you eat the apple?<br>Yes/No. |
| | Níor ith mé é. D'ith Seán é.<br>Níor ith mé rud ar bith. | I didn't eat it. John ate it.<br>I didn't eat anything. |
| **4.** | Cad a rinne tú inniu? | What did you do today? |
| | D'éirigh mé ar maidin.<br>go moch (ar maidin)<br>go déanach<br>D'ith mé arán le h-im.<br>D'ól mé cupán tae.<br>D'oscail mé an doras.<br>Chuaigh mé amach.<br>Dhún mé an doras.<br>D'fhág mé an teach.<br>Shiúil mé sa pháirc. | I woke up in the morning<br>early (in the morning)<br>late<br>I ate bread with butter.<br>I drank a cup of tea.<br>I opened the door.<br>I went out.<br>I closed the door.<br>I left the house.<br>I walked in the park. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| inniu | today | aréir | last night |
| inné | yesterday | anuraidh | last year |
| maidin inniu | this morning | maidin inné | yesterday morning |

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| D: A Mháire! | Mary! |
| M: Sea, a Dhaidí? | Yes, Daddy? |
| D: Ar chuir tú an cupán ar an mbord? | Did you put the cup on the table? |
| M: Chuir. Tá sé ar an mbord anois. | Yes. It’s on the table now. |
| D: Ar chuir tú an ghloine ar an mbord? | Did you put the glass on the table? |
| M: Níor chuir. Tá sí sa chistin fós. | No. It’s still in the kitchen. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Cá bhfuil an t-úll? | Where's the apple? |
| B: D'ith mé é. Is breá liom úlla. | I ate it. I love apples. |
| A: Ar ól tú an tae freisin? | Did you drink the tea, too? |
| B: Níor ól. Ní maith liom an tae. | No. I don’t like the tea. |
| A: Cár chuir tú é? | Where did you put it? |
| B: D'fhág mé sa chistin é. | I left it in the kitchen. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| S: Dia duit a Nuala! | Hi, Nuala! |
| N: Dia 's Muire duit, a Sheáin! | Hi, Sean! |
| S: Conas atá tú? | How are you? |
| N: Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| S: Ar éirigh tú go moch ar maidin? | Did you get up early in the morning? |
| N: D'éirigh. | Yes. |
| S: Ar ith tú rud ar bith? | Did you eat anything? |
| N: Níor ith, ach d'ól mé cupán tae. | No, but I drank a cup of tea. |


| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: Ní raibh tú sa bhaile ar maidin. | You weren’t at home in the morning. |
| B: Ní raibh. D’fhág mé an teach go moch. | No. I left the house early. |
| A: Cad a rinne tú ar maidin? | What did you do in the morning? |
| B: D’ól mé cupán tae | I drank a cup of tea |
| agus shiúil mé sa pháirc. | and walked in the park. |
| A: Nár ith tú an bricfeasta? | Didn’t you eat breakfast? |
| B: D’ith. D’ith mé arán le h-im. | Yes. I ate bread with butter. |

**Amhrán** **Song** (ó "Irish Heartbeat")

| **Tá Mo Chleamhnas Déanta** | **My Match Was Made** |
|---|---|
| Tá mo chleamhnas déanta ó arú aréir | My match has been made since the night before last |
| ’s ní mó ná go dtaithníonn an bhean liom féin | and the woman hardly pleases myself |
| ach fágfaidh mé i mo dhiaidh í | but I’ll leave her behind me |
| ’gus imeoidh mé liom féin | and I’ll take off by myself |
| ar fud na gcoillte craobhach. | throughout the branching woods. |
| | |
| **Shiúil** mise soir agus **shiúil** mise siar. | I **walked** east and I **walked** west. |
| **Shiúil** mise Corcaigh ’gus sráide Bh’l’áth Cliath, | I **walked** Cork and the streets of Dublin, |
| ach sámháil de mo chailín deas ní **fhaca** mise riamh. | but the likeness of my lovely girl I never **saw**. |
| ’Sí an bhean dubh a **d’fhág** mo chroí cráite. | She’s the black-haired woman who **left** my heart broken. |
| | |
| **D'éirigh** mé ar maidin dhá uair roimh an lá | I **awoke** in the morning two hours before the day |
| ’gus **fuair** mé litir ó mo mhíle grá. | and I **got** a letter from my true love. |
| ’gus **chuala** mé an smóilín 's an londubh á rá | I **heard** the little thrush and the blackbird say |
| gur **éalaigh** mo ghrá thar sáile. | that my love had **fled** over the ocean. |



blackbird / londubh


thrush / smólach



linnet / gleoiseach